

Muintir na Seapáine in Éirinn

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint anois ar thuirisc faoi mhuintir na Seapáine ata ag cur fúthu in Éirinn. Sula bhféachann tú ar an mír, bí ag obair leis an duine in aice leat agus déan iarracht na ceistanna seo a fhreagairt.

Cad atá ar eolas agat faoin tubaiste a tharla sa tSeapáin Dé hAoine seo caite?

Cad ba chúis leis an súnámaí?

Cén ráiteas acu seo atá ceart dar leat?

Tá luach \$75bn damáiste déanta.

Tá luach \$180bn damáiste déanta.

Tá luach \$55bn damáiste déanta.

Ceist 2

Féach ar an mír anois. Déan iarracht na téarmaí thíos a mheaitseáil leis an aistriúchán ceart.

1. Reporter _____ gléasra núicléach
2. Contact _____ contúirteach
3. Nuclear plant _____ saineolaithe
4. Widespread _____ dúchas
5. Earthquakes _____ fairsing
6. Earthquake _____ baol
7. Experts _____ tuairisceoir
8. Dangerous _____ creathanna talún
9. Native _____ teagmháil
10. Danger _____ crith talún

Ceist 3

Anois féach ar an mír don dara uair agus déan iarracht na ceistanna thíos a fhreagairt.

1. Cén t-achar ama a thóg sé ar Chinatsu dul i dteagmháil lena hathair?
2. Cad atá ag déanamh imní di?
3. Cén gaol atá ag Junichi i dTóiceo?
4. Cén teanga atá á foghlaim ag Miyuki Sato i nGaillimh ?
5. Cad atá ráite ag saineolaithe, dar le Miyuki?

Ceist 4

Abair an bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach.

1. Rugadh Chinatsu sa Spidéal. *fíor /bréagach*
2. Tá bialann ag Junichi Yoshiyagawa i nGaillimh. *fíor /bréagach*
3. Deir Junichi go bhfuil na Seapánaigh imníoch faoin todhchaí. *fíor /bréagach*
4. Tá Miyuki Sato i nGaillimh le ceithre bliana. *fíor /bréagach*
5. Tá imní uirthi go dtarlóidh sé arís. *fíor /bréagach*

Ceist 5

'i gcontae na Gaillimhe'

Cén ghné den ghramadach atá i gceist thuas?

Cén díochlaonadh atá i gceist?

Anois, déan iarracht na focail idir lúibíní a cheartú.

1. Dath (an bhróg)
2. Solas (an ghealach)
3. Deireadh (an oíche)
4. Torann (an bháisteach)
5. Barr (an fhuinneog)
6. Fear (an teach)
7. Tús maith, leath (an obair)
8. Bainisteoir (an phictiúrlann)
9. Gúna (an bhrídeog)
10. Crainn (an choill)

Ceist 6

Pléigh an ráiteas thíos leis an duine in aice leat nó mar rún díospóireachta sa rang.

'Ní mór dúinn an chumhacht núicléach a chur ar leathaobh le tubaistí móra radaighníomhacha a sheachaint'

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Is féidir na ceisteanna seo a phlé leis an duine in aice leat.

Tá luach \$75bn damaiste déanta.

Tá luach \$180bn damáiste déanta.

Tá luach \$55bn damaiste déanta.

Ceist 2

1. Reporter _____ **tuairisceoir**
2. Contact _____ **teagmháil**
3. Nuclear plant _____ **gléasra núicléach**
4. Widespread _____ **fairsing**
5. Earthquakes _____ **creathanna talún**
6. Earthquake _____ **crith talún**
7. Experts _____ **saineolaithe**
8. Dangerous _____ **contúirteach**
9. Native _____ **dúchas**
10. Danger _____ **baol**

Ceist 3

1. Thóg sé dhá uair a chloig ar Chinatsu dul i dteagmháil lena hathair.
2. Tá na gléasanna núicléacha atá go fairsing i gceantair tuaithe sa tSeapáin ag déanamh imní di
3. Tá deirfiúir ag Junichi i dTóiceo
4. Tá Miyuki Sato ag foghlaim Béarla i nGaillimh
5. Deir Miyuki go bhfuil saineolaithe ag rá go bhfuil baol ann go mbeidh crith talún mór eile sa tSeapáin.

Ceist 4

1. Rugadh Chinatsu sa Spidéal. *fíor /bréagach*
2. Tá bialann ag Junichi Yoshiyagawa i nGaillimh *fíor /bréagach*
3. Deir Junichi go bhfuil na Seapánaigh imníoch faoin todhchaí. *fíor /bréagach*
4. Tá Miyuki Sato i nGaillimh le ceithre bliana. *fíor /bréagach*
5. Tá imní uirthi go dtarlóidh sé arís. *fíor /bréagach*

Ceist 5 *í gcontae na Gaillimhe'*

An tuiséal ginideach atá i gceist, dara díochlaonadh.

1. Dath **na bróige**
2. Solas **na gealaí**
3. Deireadh **na hoíche**
4. Torann **na báistí**
5. Barr **na fuinneoige**
6. Fear **an tí**
7. Tús maith, leath **na hoibre**
8. Bainisteoir **na pictiúrlainne**
9. Gúna **na brídeoige**
10. Crainn **na coille**

Ceist 6 Is féidir an ráiteas a phlé nó díospóireacht a dhéanamh sa rang.

Eimear Ní Chonaola

Tá pobal na Seapáine atá ag cur fúthu sa tír seo ag coinneáil súil ghéar ar an méid atá ag tarlú ina dtír dhúchais. Labhair ár dtuairisceoir Catherine Ní Ghuairim le roinnt Seapánach atá ina gcónaí i gcontae na Gaillimhe.

Catherine Ní Ghuairim

Seo í Chinatsu Hakamada atá ina cónaí sa Spidéal i gConamara ach a rugadh is a tógadh in aice le cathair Tóiceo. Tá sí ag coinneáil súil ghéar ar an méid atá ag tarlú sa mbaile faoi láthair. Thóg sé dhá uair a chloig ar Chinatsu teagmháil a dhéanamh lena hathair tar éis¹ di cloisteáil faoin tubaiste ach tá an teaghlach slán, a deir sí. Cuireann na gléasanna núicléacha atá go fairsing i gceantair tuaithe sa tSeapáin imní uirthi.

Chinatsu Hakamada

Táimid idir dhá chomhairle mar tá sé an-chontúirteach, tá a fhios againn, ach ag an am céanna teastaíonn leictreachas mór sa tSeapáin. Caithfidimid smaoineamh ar sin arís agus arís mar tá sé an-chontúirteach, róchontúirteach agus níl a fhios againn céard a tharlóidh ansin i gceann cúpla lá agus tá an-imní orainn.

Catherine Ní Ghuairim

Tá bialann ag Junichi Yoshiyagawa i gcathair na Gaillimhe. Bhí imní airsean faoina dheirfiúr i dTóiceo ach cé is moite de dheacrachtaí taistil bhí gach rud mar ba cheart di-se. Deir Junichi go bhfuil cleachtadh maith acusan ar chreathanna talún sa tSeapáin ach ní ar scála chomh mór seo. Deir sé go bhfuil imní ar Sheapánaigh faoin todhchaí mar nár tharla eachtra chomh mór sin riamh i gcás gléasra núicléach agus níl a fhios, a deir sé, ag éinne cad atá in ann dóibh.

Tháinig Miyuki Sato as Cathair Saitama go Gaillimh ceithre mhí ó shin. Tá sí ag foghlaim Béarla. Bhí an-imní uirthi, a deir sí, go dtí go ndearna sí teagmháil leis an mbaile.

Deir Miyuki go bhfuil saineolaithe ag rá go bhfuil baol ann go mbeidh crith talún mór eile sa tSeapáin. Níl a fhios cén áit. a deir sí, agus an imní is mó atá uirthise anois go dtarlóidh sé arís.

Catherine Ní Ghuairim, Nuacht TG4

¹ Théis a deirtear